Méadú Mór ar Úsáid Aoil

Aċ tá i bḟad níos mó ag teastáil fós

Ó tugaḋ isteaċ an scéim deontaisí fá ċoinne aol meillte, cuireaḋ os cionn 12 milliún tonnaí de aol meillte ar cuid talaṁ na hÉireann.

Sa ḃliain a ċríoċnaiġ ar an 31ú lá de Márta, seo caite. cuireaḋ os cionn milliún tonnaí an méid is mó ariaṁ ó 1958.

Ó ṫús an Aibreáin, go dtí lár Lúnasa, cuireaḋ 525,000 tonnaí aoil, sin an ceaṫrú cuid níos mó ná an tréimse céanna anuraiḋ.

Tátar ag méadú ar fad ar an méid aoil atátar á spréú mar seo, agus tá i bḟad i bḟad níos mó ag teastáil go fóill.

Tátar ag cailleaḋ 1½ milliún tonnaí gaċ bliain ón talaṁ le barraí agus gaċ sórt eile, agus san am i láṫair mar sin, níl muid aċ ag déanaṁ suas an méid a tugtar ar ṡiúl gaċ bliain, gan tráċt ar an méid a cailleaḋ le blianta roiṁe sin.

Níltear ag cur go leor aoil fós ar talaṁ innilte agus mionún.

Sa Saṁraḋ agus san Ḟómhair is fearr leis an aol a ċur ar an ṁiodún. Ar ṫalaṁ curaíoċta is fearr i bḟad an aol a scaipeaḋ sula ndéantar an treaḃaḋ. Is féidir le feilméaraí áit ar bit, aol a ḟáil ar 16s. an tonna, agus tá deontas fá ċoinne iomlán costas iompar dó sin.

Cúrsa do ṁúinteoirí neaṁ-oilte

Le blianta fada anois, ḃí sé mar gearán ag múinteoirí agus ag Cumann na Múinteoirí Náisiúnta go raiḃ a lán múinteoirí ann a ḃí neaṁ-oilte agus a raḃtar ag díol tuarasdal an íseal leo, dá ḃárr.

Ḃíoḋ an Cumann ag rá gur ċeart go gcuirfí na daoine seo ar an scála céanna le múinteoirí oilte, uair éigin. aċ ní raiḃ riarṫóirí na Roinne sásta é seo a ḋéanaṁ.

Is cosúil go bḟuil an tAire ag braṫ rud éigin a ḋéanaṁ faoi anois. Tá scéala ann go bḟuil sé ċun roinnt cúrsaí saṁraiḋ a ċur ar siúl do múinteoirí neaṁ-oilte agus meastar, taréis dóiḃ dul tríd cúrsa nó dá ċúrsa díoḃṫa seo, agus taréis díoḃṫa roinnt blianta seirḃís sásúil a ṫaḃairt, go gcuirfear iad ar an scála céanna le múinteoirí oilte.

Tátar ag stopaḋ do múinteoirí neaṁ-oilte a ṫaḃairt isteaċ san seirḃís go buan, feasta.

Na Barraí i mbliana

Ní raiḃ aċ 173,000 acraí faoi ṗréataí i mbliana, in ionad an 182.000 acraí a ḃí anuraiḋ.

Os a ċoinne sin, ḃí 107,000 acraí faoi ṫurnapaí in ionad an 98,000 a ḃí anuraiḋ. Ḃí titim mór insan biatas siúicre; ní raiḃ aċ 66,000 acraí biatas i mbliana, inoinad 80,000 acraí anuraiḋ.

Tá méadú 137.000 ar uiṁir na mba bainne sa tír i mbliana. seaċas anuraiḋ 1,400,000 anuraiḋ, agus 1,537,000 i mbliana. Agus tá méadú mór 134,000 ar uiṁir na ngaṁna faoi bliain d'aois. ó 1.233,000 anuraiḋ, go dtí 1,367,000 i mbliana. San iomlán, tá méadú 372,000 ar eallaċ ó 4.962,000 anuraiḋ, go dtí 5.335,000 i mbliana.

Níl méadú coṁ mór ar líon na gcaorać: 52,000 ar fad, ó 4,950,000 anuraiḋ go dtí 5,020.000 i mbliana. Aċ, tá méadú 150,000 ar uiṁir na muc, ó 1,108,000 anuraiḋ go dtí 1,258.000 i mbliana.

Tiṫe Coṁairle Condae

Cíos is áirde i gcondaeṫa Gaeltaċta

Taoḃ amuiġ de Ḃaile Áṫa Cliaṫ agus Corcaí. tá an cíos is áirde sa tír á baint amaċ ar tiṫe Coṁairle Condae ins na condaeṫa Gaeltaċta.

Sé an meán-cíos ar na tiṫe Coṁairle Co. i nDún na nGall—18s. 3d.; i nGailliṁ 16s. 11d; i Muiġeo 15s. 4d., agus i gCorcaiġ 15s. 1d.

I gcondaeṫa saiḃre, lár na tíre, tá sé ċoṁ h-íseal le 9s 10d i gCo. na Míḋe, 9s. 8d. i gCill Manntáin. 8s. 11d. i bPortláirge agus 5s. 8d. i Luimneaċ. Agus de ġnáċ bíonn caiġdeán agus áiseanna na dtíṫe anseo níos fearr ná mar ḃíonn i dtíṫe na Gaeltaċta.

I dTírċonaill tá 1.657 tiṫe Coṁairle Condae tógṫa; i Muiġeo tá 821, i nGailliṁ 2,924, agus i gCiarraí 2,327.

Aċ, is fíor ḃeag an méid díoḃṫa seo atá sna ceantair Gaeltaċta, aċ. os a ċoinne sin, tá 3,205 i gCill Ċoinniġ, 3,172 i gCo. Luġaí; 3,303 i Loċ Garman; 3,113 i gCill Manntáin.

Deontais agus Costais Ḃóṫar

Sa ḃliain reaṫa, tátar ag taḃairt deontas £68,500 mar deontas bóṫar do Ḋún na nGall; £98,458 do Gaillim; £44,907 do Ċiarraí; £95,954 do Ṁuiġeo, do ṗríoṁ-bóiṫre agus £234,000 do Ḋún na nGall; £176.800 do Ġaillim; £144,100 do Ċiarraí; £175,700 do Ṁuiġeo, do bóiṫre condae.

Is ionann seo agus deontas de £114 an míle i nDún na nGall; £133 an míle i nGailliṁ; £98 an míle i gCiarraí agus £164 an míle i gCo. Ṁuiġeo do na príoṁ-bóiṫre. Agus £74 an míle i nDún na nGall; £71 an míle i nGailliṁ; £69 an míle i gCiarraí agus £70 an mple i Muiġeo, do na bóiṫre condae.

Ag deireaḋ Márta seo caite, ḃí 597 míle de príoṁ-bóiṫre ⁊ 3,180 míle de bóiṫre condae i nDún na nGall; 737 mílte de ṗríoṁ-ḃóiṫre i nGaillim agus 2.494 míle de ḃóiṫre condae; 457 míle de príoṁ-bóiṫre i gCiarraí, agus 2,083 de bóiṫre condae, ⁊ 583 míle de ṗríomlḃóiṫre agus 2,521 mílte de bóiṫre condae i Muiġeo.

An Daingean

Coṁġáirdeas leis an Dr. S. Ó Brosnáin, An Daingean, cataoirleaċ C.L.C.G.. i gCiarraí agus traenálaí do foireann peile Ċiarraí, ar na ṗósaḋ. Ṗósaḋ é féin agus Caitlín Ní Ḟinn, Traiġlí, i Séipéal na dTrí Ṗatrún. Raṫ Gearr, Baile Áṫa Cliaṫ, le déanaí.

Leis an stoirm agus droċ aimsir anseo, is beag iascaireaċt a ḋéanaṁ le cúpla seaċtain anuas. Is féidir leis na tráiléirí móra rud éigin a ḋéanaṁ. aċ cuireann sé na báda beaga ó saoṫrú ar fad.

Seaċtain ó ṡoin, siabaḋ scaoṫ mór do liaṁáin gréine isteaċ ar an ċósta ag an gClocán. Ṫárla sé seo ċeana timpeall 50 bliain ó ṡin. Meastar go raiḃ na liaṁáin ag leanúint scadáin nó éisc beaga, agus go dtánadar ró ḟada isteaċ agus ná raḃadar in ann slí do ċéanaṁ amaċ arís. Deirtear go raḃtar ċun iad a úsáid mar bia do na feilméara éisc, aċ ṁeas na Gárdaí go raiḃ sé ag cur iomad pianaċ orṫa an slí a raḃdar ceangailte le ċéile.

Ar b'ḟéidir iascaċ liaṁáin gréine a ċur ar siúl amaċ ó Ċorca Duiḃne mar a bíonn amaċ ó Acaill? Dob' ḟiú staidéar a ḋéanaṁ ar an ċeist. agus go speisialta anois, os rud é naċ cúrsaí ola aṁáin a ḃeaḋ i gceist, mar tá in Acaill, aċ go mbeaḋ margaḋ maiṫ fá ċoinne feoil na liaṁán gréine ins na feilmeaċa éisc in Corca Duiḃne agus in Uiḃ Ráṫaċ. Is cinnte go mbeaḋ soċar maiṫ as a leiṫéid de iascaireaċt. agus ní fada an slí ó na Blascaodaí go Acaill, agus má ṫagann na liaṁáin isteaċ fá Acaill, is cinnte go mbíonn siad istiġ fá na Blascaodaí, agus Ceann Slé coṁ maiṫ. Agus d'ḟéadfaí a ḃeiṫ ag obair orṫa seo nuair ná bíonn éisc a r biṫ eile ar fáil. rud a d'ḟágfaḋ na tráiléirí ag obair go lán-aimsireaċ ar feaḋ na bliana. Coṁ maiṫ leis sin, ċaḃróḋ sé le bia saor a ċur ar fáil do na feilmeaċa éisc, agus ċaḃróḋ sé le iad a leaṫnú, rud a ḟágfaḋ obair le fáil.

Cúisaíoḋ Máire Ní Ṡé. Ḃóṫar na Spa, as sárú na dliṫe ceadúnas ag 10.35 ar an Doṁnaċ, an 24ú Deireaḋ Fómhair. Tar ċeann an ċosantóra, ṗleadáil P. Ḃ. Mac Giolla Laoire, cionntaċ, ⁊ dúirt sé gur taḃairne beag teaġlaí a ḃí ann, agus naċ raiḃ istiġ aċ roinnt cáirde. Ḃí triúr acu a ḃí istiġ roiṁ am dúnta ina gcáirde don teaġlaċ. Ḃí an deoċ deireanaċ acu 5 noiméidí roiṁ a deiċ. Ḃí na deoċanna críoċnaiṫe acu ag 10 p.m. aċ níoḋ na gloiní agus cuireaḋ ina n-áit iad. Lean na fir ag féaċaint ar an telefís, agus ḃí siad ag fágaint nuair a ṫáinig na gárdaí ag 10.30. Amaideaċ go leor. d'ḟág na fir an slí cúil, agus ṫug na gárdaí ṫar n-ais iad. Ċain an Giúistís Ó Fearġaill, an Taḃairní, £2 agus na fir, £1 an duine.

Feis Londain

D'éiriġ go han ṁaiṫ le Feis Londain, a ḃí ar siúl ón 23ú lá Saṁain go dtí an 28ú lá Saṁain i mbliana. Ḃí sé i bḟad níos fearr ná anuraiḋ agus ḃí na coiṁlinteoirí i roinn na rinncí ar na cinn is airde ariaṁ go fóill. Ḃí ceiṫre ċorn nua. agus ḃí duaiseanna airgid de ḟonn caḃair a ṫaḃairt do na buaiteoirí dul isteaċ ar na comórtaisí ag an Oireaċtas i mBaile Áṫa Cliaṫ Tugann duais Uí Raġallaiġ saor ṫaisteál agus iostas do buaiteoirí sinsear, sóisear agus mionúr, san rinnce i Londain, ċun taisteál ċuig comórtas an Oireaċtais Rinnce i mBaile Áṫa Cliaṫ. Do réir duais an Aṫair Seoiġe, tugtar £5 don dara duine in gaċ ceann de na comórtaisí seo, mar caḃair costaisí fá ċoinne an aistir go Baile Áṫa Cliaṫ ċuig an Oireaċtas. I mbliana, ṫug an Sean I.R.A. corn Ó Súilleaḃáin agus Mac an Iornaiġ agus ṫug Aer Lingus, agus daoine eile corn ċoṁ maiṫ. Ḃeiḋ an ḟeis ar siúl san Anson Hall Chichell Road.

Tógail Muca

Tá gaċ duine ar aon intinn gur féidir feaḃas a ċur ar an teaċt isteaċ óna gaḃaltais ḃeaga san iarṫar, le tuilleaḋ tógáil muca

Tá Gleann Colmcille ag dul go láidir leis seo, agus tá ċuile ṡeans go mbeiḋ na feilmeaċa somplaċa dá ḃrú ċoṁ maiṫ.

Ḃa ġnáċ seo a ḋéanaṁ sa tsean am. agus b'ḟurasta é ṫaḃairt arais mar tionscail.

Tá ceist ann, cé'n sagas muca ab' ḟearr, agus de ṫairḃe seo, is suimiúil trialaċa a rinneaḋ in Large White agus na Landrace muca in Éirinn. Rinneaḋ trialaċa ar an dá ċineál. ag Stáisiún Trialaċa Roinn Talṁaíoċta i gCorcaí agus Thorndale.

De réir na dtrialaċa seo, is cosúil go bḟuil buntáiste beag ag an Large White, de ṫairḃe an meán-meaċan a ċuirtear suas gaċ lá. Buntáiste níos mó de ṫairḃe úsáid an bia, aċ. go mbíonn níos mó geir ar an droim acu agus dá ḃrí seo, go mbíonn grádáil níos ísle acu ná mar a bíos ag an Landrace.

Tá grádáil sásúil ag an Landrace. Léiríonn na trialaċa freisin, go mbíonn rud beag níos mó banḃáin beo ag na Large Whites. ná mar a ḃíos ag an Landrace. Aċ, cé go bḟuil níos mó banḃáin insan ál ag an Large White tá faid na colna níos fuide ag an Landrace nuair a ṫig sé go am maraíṫe.

Fuarṫas amaċ i gCeanada ⁊ in áiteaċa eile, deirtear. gur fearr na muca a ġeiḃtear de ṫairḃe meaċan agus bristeaċt fáis, má ṁeasctar Landrace ⁊ an Large White.

Fánaid

Ag Cúirt Dúiċe Baile na nGallóglaċ, cúisíoḋ Seán Mac Giolla Ċearra, Rinn Ḃuí, Ceanndroma as mála póca a fuair sé ar an ċladaċ ina raiḃ £30 le Humfraí Friel, Rinn Ḃuí. a ċoinneáil. Ṗleádáil sé ciontaċ. Ṫug an Ceannfort Forde, an fianaise gur ċaill Friel an mála póca ina raiḃ trí nóta £10 agus cúpla nóta eile. Ní raiḃ ḟios aige goidé mar ċaill sé é, aċ ḃí sé sásta gur scuabaḋ amaċ 'na farraige é. Lean na Gárdaí ag fiosrú, agus labair siad leis an ċosantóir, agus taréis tamaill, d'aḋmaiġ sé go bḟuair sé é ar an ċladaċ. Ní raiḃ ḟios aige cé ċaill é, agus ní raiḃ ḟios aige gur le Friel é go raiḃ an ċuid is mó den airgead caiṫte aige. I ráiteas, dúirt Mac Giolla Ċearra, go raiḃ sé buarṫa gur ċaiṫ sé an t-airgead agus go n-íocfaḋ sé arais é.

Ṫug an Aturnae isteaċ £30 i nótaí mar cúiteaṁ. Dúirt an Ceannfort go raiḃ árd ċliú ar Ṁuintir Ṁic Giolla Ċearra. Ċaiṫ an Giúistís an cás amaċ faoi Aċt na gCéad Ċoirṫeaċ, ar díol £1-17-6 costaisí.

Tá na conraṫóirí do scéim réagúnaċ uisce Fánaid, Muintir Baldwin, Dún Dealgán, ag dul ar aġaiḋ go maiṫ leis an obair. Ag tosaiġ ag toċailt ag na Muillte. agus ag dul ar aġaiḋ ansin. Tá oifigiġ na coṁlaċta 'na gcónaí i gcaraḃannaí ar an suíoṁ.

Coṁġáirdeaċas le Caṫal Mac Giolla Uain, mac le Aoḋ Mac Giolla Uain, agus a ḃean, Baile Lár, agus Peigí Ní Ḋoċartaiġ, iníon is óige do Ailís Ḃean Uí Doċartaiġ, Ladan. agus Brian Ó Doċartaiġ. naċ maireann, a pósaḋ ar na mallaiḃ. Éamon Mac Giolla Uain, deartáir an ḟir, ⁊ Bríd Ní Doċartaiġ, deirfiúr na brideóige, a ḃí ag baiteoireaċt leo. agus an tAṫair S. Mac Diarmaid, S.P., Burton-on-Trent, col-ceaṫrar na brídeoige, a ṗós iad le Aifreann an Ṗósta agus Ḃeannaċt an Ṗápa, i mBaile Áṫa Cliaṫ.

Gleannḃarr

Ċaiṫ an tSiúr Benedicta Dornán laeṫa i nGleannḃarr ar na mallaiḃ. an áit a raiḃ sí ar ċuairt i dtiġ a colċeaṫrar, Saḃa 'Níon Ní Eiteagáin, O.S. Rugaḋ agus tógaḋ an tSiúr Benedicta in Doire aċ ba's Fánaid a h-aṫair, Brian Ó Friġil, naċ maireann, agus ba's Ġleannḃarr a ṁáṫair. De Ċloinn Ṁic Ṗáidín, as an Goirtín ise. Tá'n tSiúr Benedicta indiaiḋ seaċt mbliana a ċaiteaṁ in Angóla. Ball de Ṁisinéirí Leiġis Muire í agus tá sí féin agus beanrialta eile leo féin amuiġ san iargúltaċt ar fad an áit a bḟuil cloċar agus ospidéal beag acu. Tá an sráidbaile, Rosédes. is coṁgaraiġe dóiḃ deiċ míle ar ṡiúl agus nuair bíos earraí a ḋiṫ orṫu caiṫfid siad simplí. láċ, carṫanaċ agus ċósta ceiṫre ċéad míle ar ṡiúl. Tá muintir na háite na bḟuil siam simplí, láċ, carṫanaċ agus i gcónaí sásta cuidiú leo. Tá sagart as an Ollainn 'na ċónaí coṁgaraċ agus tá dornán maiṫ de ṁuintir na h-áite 'na gCaitliciġ. Ganntanas uisce an caill is mó atá orṫu. Corr-ḃliain ní ḃíonn níos mó na trí nó ceiṫre lá de ḟearṫainn acu ar fea na bliana.

Cé go bḟuil an cogaḋ ṫart anois corraḋ agus fiċe bliain d'ḟág sé contúirt 'na ḋiaiḋ a ṁaireas go fóill go háiriġṫe ar an ḟarraige. Ar an Luan seo caite síos ag an Rinn Ḋuiḃe ar ċósta Ḟanaide ḃí fear de ṁuintir na háite ag siúl coṁgaraċ don tráiġ, d'aṁarc sé amaċ agus caidé ċonnaic sé aċ mianaċ ar snáṁ ar an uisce tanaiḋe in aice na trága. Ċuir na Gárdaí ar an Ceaṫrúin Caoil scéala ċuig Fórsaí Farraige na Sasana i nDoire. Ċuir siadsan cúpla innealtóir anuas a ṗléasc an mianaċ go saḃáilte.

Ḃí lá fliuċ giobaċ agus droċ aonaċ i mBaile na nGallóglaċ ar an 23ú lá den Ṡaṁain. Taoḃ amuiġ de ainmiḋe maiṫe stóir ḃí droċ luaċ ar aċan ċineál de ainmiḋe eile.

Cúramaċ nó Faitċilleaċ?

San airm maidin aṁáin agus iad ag cleaċtaḋ scaoileaḋ leis an rifil, ċuir oifigeaċ ceist ar an sairsint: "Caidé obair a ḃíoḋ ag an saiġdiúir Ó Hara sul a dtáinig isteaċ san airm?" "Cé'n fáṫ a gcuireann tú an ceist?" ar-san sairsint. "Ċuile uair," arsa seisean a scaoileann Ó Hara urċar ón gunna leis an cuspa, tógann sé amaċ a naipcín póca agus glanann lorg a ṁéar den gunna!"